

Vóta 33

**Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona,
Gaeltacht, Spórt agus Meáin**

Réamhrá

Tá ceanglas orm i mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 33 cuntas leithreasa an Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste i gcomhair iniúchta.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 ar thuarastail agus ar chostais an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, lena n-áirítear seirbhísí áirithe a riarann an Oifig sin, agus chun fóirdheontais agus deontais áirithe a íoc.

Déantar comparáid idir toradh an chaiteachais agus na suimeanna

- a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2023, lena n-áirítear an tsuim den chaiteachas don bhliain a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasuithe i gcabhair, agus
- a cuireadh ar fáil do sheirbhísí soláthair chaipitil in 2023 as leithreasuithe 2022 nár caitheadh, faoi na socruithe géillte iarchurtha a bunaíodh faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Dlítear barrachas €34.903 milliún a ghéilleadh don Stáitchiste.

Is cuid den chuntas seo an ráiteas faoi bheartais agus faoi phrionsabail chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 7.

Ráiteas faoi bheartais agus faoi phrionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta a bhaineann le cuntais leithreasa i dtoll a chéile, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh Plean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe i gclár 22 de 2023, chun feidhme nuair a bhí an cuntas á ullmhú, seachas a leanas:

Sócmhainní oidhreachta

Níl aon luacháil déanta ar shócmhainní oidhreachta áirithe, lena n-áirítear déantúsáin agus lámhscríbhinní.

Sócmhainní doláimhsithe

Meastar mar seo a leanas saolré ionchaise agus rátaí amúchta gaolmhara de mhóraicmí sócmhainní doláimhsithe:

<i>Aicme</i>	<i>Saolré ionchais</i>	<i>Ráta amúchta</i>
Ceadúnais bhogearraí	5 bhliana	20%
Bogearraí ceannaithe/ bogearraí forbartha	5 bhliana	20%

Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs na ndualgas eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a sholáthar go gcosnaítear na sócmhainní, go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a choinneáil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

Seirbhísí comhroinnte

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais sa Roinn Dlí agus Cirt.

Braithim ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Vóta Dlí agus Cirt agus ón Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Roinn seo.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Tá timpeallacht rialaithe comhdhéanta de na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus lena chinntiú go nglacfar gníomh ceartaitheach iomchuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom le linn dom mo chuid freagrachtaí a chomhlíonadh as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Tá creat nósanna imeachta riaracháin i bhfeidhm chomh maith le tuairisciú rialta bainistíochta, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmagain agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a gcoimeádann an lucht ardbhainistíochta é faoi athbhreithniú
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí

- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC
- go bhfuil treoiríníte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann

Iniúcháireacht inmheánaigh agus an Coiste Iniúcháireachta

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánaigh ag an Roinn a bhfuil pearsanra atá oile go cuí inti, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam féin agus ag an gCoiste Iniúcháireachta. Tá obair na feidhme iniúcháireachta inmheánaigh bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh agus tá a pleananna bliantúla iniúcháireachta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Féachtar leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach. Déanaimse agus déanann an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúcháireachta inmheánaigh ar bhonn tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúcháireachta inmheánaigh.

Soláthar

Dearbhaím go gcinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoiríníte ábhartha ar fad.

Tá sonraí tugtha ag an Roinn ar dhá chonradh neamhiomaíochas sa tuairisceán bliantúil maidir le himlir 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh Plean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair

Chloígh an Roinn leis na treoiríníte seachas i gcás dhá chonartha (sa bhreis ar €25,000), a raibh luach €94,907 ar an iomlán leis (gan CBL san áireamh), mar a leagtar amach thíos:

- Bhain conradh amháin a raibh luach €53,295 leis le hathrú soláthróra seirbhíse a rinneadh go hiomaíoch, a raibh roinnt costas idirghabhálach agus táillí scoir mar thoradh air. Tá conradh nua a bhronnadh faoi phróiseas creata lárnach anois i bhfeidhm.
- D'eascair conradh amháin de luach €41,612 mar gur chuir soláthróir seirbhíse deireadh lena oibríochtaí gan choinne. Bhí gá le seirbhísí eatramhacha a bhí riachtanach don ghnó go dtí gurbh féidir conradh a soláthraíodh go hiomaíoch a chur i bhfeidhm in 2023.

Tá an dá chonradh thuas curtha san áireamh i dtuairisceán bliantúil 40/2002 atá tagartha thuas.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena ndéantar sainathint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid agus is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainathnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus rinneadh iad a shainathint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a athrú

chun dáta ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha..

Ar an gclár rioscaí, tugtar cur síos ar na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagrachtaí as rialuithe do bhaill foirne ar leith.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Tá nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus na ndaoine den lucht bainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Ceisteanna rialaithe airgeadais inmheánaigh

Níor aithníodh aon laigeacht i rialú airgeadais inmheánach maidir le 2023 a bhfuil nochtadh de dhíth uirthi sa chuntas leithreasa.

Feargal Ó Coigligh

Oifigeach Cuntasaíochta

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

27 Márta 2024

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 33 Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 33 – Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 33 – Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

An bonn leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Theaghlachas an Uachtaráin agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticíúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Feidhmíocht an chaiteachais ar na healaíona agus spórt a thomhas

Déantar athbhreithniú i gCaibidil 10 mo thuarascála ar chuntais na seirbhísí poiblí do 2023 ar úsáideacht phraiticiúil na faisnéise feidhmíochta meastachán ar chlár leibhéal a dó na gclár caiteachais - clár B Na healaíona agus an cultúr agus clár D Seirbhísí spóirt agus áineasa.

Seamus Mac Cárthaigh

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

16 Mean Fomhair 2024

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den *Exchequer and Audit Departments Act 1866*
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaóis nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáiltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha ar calaóis nó earráid is cúis leis. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna (Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bheidh sé ann. Féadfaidh míráiteas eascairt as calaóis nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa, ina n-aonar nó ina n-íomláine.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Sainaithníim agus measúnaím rioscaí an mhírátis ábhartha a bhaineann leis an gcuntas leithreasa, cibé acu de bharr calaíse nó earráide iad; dearam agus feidhmím nósanna imeachta iniúcháireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta is leor agus is cuí chun bunús a sholáthar i gcomhair mo thuairime. Is mó an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr calaíse ná míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaóis.

- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a dhearadh a bheidh iomchuí sna cúinsí i gceist, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measúnaím cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* de chuid fhorálacha cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le scóip agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon laigí suntasacha sa rialú inmheánach a shainaithníim le linn m'iniúchta.

Tuairiscím de réir eisceachta más amhlaidh, i mo thuairimse,

- nár bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí an cuntas leithreasa a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fhír sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithníim aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúcháireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidlí ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 33 Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin

Cuntas Leithreasa 2023

		2023		2022
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas clár				
A	Seirbhísí turasóireachta			
	<i>Bunaidh</i>	230,758		
	<i>Forlíontach</i>	(11,500)		
			219,258	205,310
				281,716
B	Ealaíona agus Cultúr			
	<i>Bunaidh</i>	356,982		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	6,500		
			363,482	346,858
				366,847
C	An Ghaeltacht			
	<i>Bunaidh</i>	95,893		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	2,000		
	<i>Forlíontach</i>	(4,000)		
			93,893	85,192
				77,894
D	Spórt agus Seirbhísí Áineasa			
	<i>Bunaidh</i>	175,236		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	11,500		
	<i>Forlíontach</i>	11,500		
			198,236	184,187
				212,871
E	Craolachán			
	<i>Bunaidh</i>	306,640		
	<i>Forlíontach</i>	20,000		
			326,640	288,889
				288,457
Ollchaiteachas				
	<i>Bunaidh</i>	1,165,509		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	20,000		
	<i>Forlíontach</i>	16,000		
			1,201,509	1,110,436
				1,227,785
	<i>Lúide</i>			
F	Leithreasai-i-gCabhair	252,843	218,153	237,455
Glanchaiteachas				
	<i>Bunaidh</i>	912,666		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	20,000		
	<i>Forlíontach</i>	16,000		
			948,666	892,283
				990,330

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a feidhmíodh dlite lena ghéilleadh don Státchiste.

Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán na leithreasuithe neamhchaite i leith seirbhísí soláthair caipitil nó cuid díobh a thabhairt ar aghaidh lena gcaitheamh an bhliain ina dhiaidh sin. Tugadh leithdháiltí neamhchaite i leith ghnéithe caipitil na bhfo-mhírcheann a leanas ar aghaidh go 2024: Fo-Mhírcheann A.8 (€4.38 milliún), B.7 (€7.8 milliún), C.3 (€2.0 milliún), C.8 (€0.5 milliún), agus D.7 (€6.8 milliún).

	2023	2022
	€	€
Farasbarr	56,383,182	51,493,987
Géilleadh iarchurtha	(21,480,000)	(20,000,000)
Farasbarr le géilleadh	34,903,182	31,493,987

Feargal Ó Coigligh

Oifigeach Cuntasafóichta

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

27 Márta 2024

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2023

	2023	2022
	€000	€000
Costas an chláir	1,080,648	1,201,967
Pá	25,754	22,764
Neamhphá	4,034	3,054
Ollchaiteachas	1,110,436	1,227,785
<i>Lúide</i>		
Leithreasáí-i-gCabhair	218,153	237,455
Glanchaiteachas	892,283	990,330
Athruithe ar shócmhainní caipitil		
<i>Mhaoin, gléasra agus trealamh (nóta 2.1)</i>		
Ceannacháin	(214)	
Dímheas	300	
Caillteanas ar dhiúscairtí	1	
<i>Shócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)</i>		
Ceannacháin	(20)	
Amúchadh	78	
	145	434
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha		
Laghdú i bhfardail	114	
Laghdú i réamhíocaíochtaí	16,911	
(Méadú)/laghdú in ioncam fabhraithe	-	
Méadú i speansais fhabhraithe	341	
Méadú in ioncam iarchurtha	1	
	17,367	(23,013)
Caiteachas díreach	909,795	967,751
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	14,686	13,462
Measchíosanna	1,136	1,136
Glanhostas an chláir	925,617	982,349

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanachaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 33 a tabhaíodh in áit eile.

		2023	2022
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	40	41
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	12,184	11,247
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	1,420	1,431
Vóta 18	Oifig na Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta	48	42
Vóta 24	Dlí agus Ceart - An tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais	570	538
Vóta 20	An Garda Síochána	222	9
Vóta 43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	47	—
An Príomh-Chiste – pinsin na n-airí		155	154
		14,686	13,462

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2023

	Nóta	2023 €000	2022 €000
Sócmhainní seasta			
Maoín, gléasra agus trealamh	2.1	3,339	3,435
Sócmhainní doláimhsithe	2.2	126	184
Sócmhainní seasta iomlána		3,465	3,619
Sócmhainní Reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	39,920	29,110
Fardail	2.4	-	114
Réamhíocaíochtaí	2.5	11,080	27,991
Iarmhéideanna dochair eile	2.6	95	181
Ioncam fabhraithe	2.7	2	2
Iomlán na sócmhainní reatha		51,097	57,398
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe	2.8	1,380	1,039
Ioncam iarchurtha	2.9	2	1
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.10	1,204	953
Glanmhaoiniú Státhiste	2.11	38,811	28,338
Iomlán na ndlíteanas reatha		41,397	30,331
Glansócmhainní reatha		9,700	27,067
Glansócmhainní		13,165	30,686
Arna Léiriú ag:			
Cuntas maoinithe an Stáit	2.12	13,165	30,686

2.1 Maoin, gléasra & trealamh

	Talamh agus Foirgnih €000	Trealamh oifige agus TF €000	Troscán agus feistis €000	Iomlán €000
Costas nó Luacháil				
Ag an 1 Eanáir 2023	3,596	4,173	2,124	9,893
Suimeanna Breise	-	214	-	214
Aistrithe ^a	-	(23)	-	(23)
Diúscairtí	-	(82)	-	(82)
Ag an 31 Nollaig 2023	3,596	4,282	2,124	10,002
Dímheas carntha				
Ag an 01 Eanáir 2023	843	3,735	1,880	6,458
Dímheas don bhliain	72	211	17	300
Dímheas ar aistrithe ^a	-	(14)	-	(14)
Dímheas ar dhiúscairtí	-	(81)	-	(81)
Ag an 31 Nollaig 2023	915	3,851	1,897	6,663
Glansócmhainní				
Ag an 31 Nollaig 2023	2,681	431	227	3,339
Ag an 31 Nollaig 2022	2,753	438	244	3,435

Nóta ^a Roinnt sócmhainní TFC aistrithe chuig Vóta 34, a bhainistíonn an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.

2.2 Sócmhainní doláimhsithe

	Ceadúnais bhogearraí cheannaithe agus bogearraí forbartha €000	lomlán €000
Costas nó luacháil		
Ag an 1 Eanáir 2023 ^a	4,086	4,086
Suimeanna Breise	20	20
Ag an 31 Nollaig 2023	4,106	4,106
Amúchadh Carntha		
Ag an 1 Eanáir 2023 ^a	3,902	3,902
Amúchadh don bhliain	78	78
Ag an 31 Nollaig 2023	3,980	3,980
Glansócmhainní		
Ag an 31 Nollaig 2023	126	126
Ag an 31 Nollaig 2022	184	184

Nóta ^a Le héifeacht ón 1 Eanáir 2023, rinneadh sócmhainní éadála agus forbartha bogearraí a athrangú ó réadmhaoin, gléasra agus trealamh go sócmhainní doláimhsithe.

2.3 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2023 €000	2022 €000
larmhéid agus airgead tirim PMG	39,740	29,054
larmhéid mionairgid	2	2
larmhéideanna an chuntais bainc tráchtála	178	54
	39,920	29,110

Nóta ^a Áirítear in iarmhéid 2023 an chuntais bainc tráchtála €165,187 (2022: €23,514) i ndáil le cuntas bainc tráchtála arna fheidhmiú ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais – Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais.

2.4 Fardail

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Stáiseanóireacht	-	8
Ábhair inchaite trealaimh	-	1
Soláthairtí feighlithe agus garchabhair	-	3
Ábhair inchaite TF	-	102
	-	114

Nóta a De réir Chiorclán 22-2023 *Ceanglais le haghaidh Cuntas Leithreasa 2023*, cuirtear tomhaltáin ardéilimh luacha ísil leis na costais nuair a cheannaítear iad agus ní aithnítear mar Fhardal iad a thuilleadh.

2.5 Réamhíocaíochtaí

	2023	2022
	€000	€000
Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	326	148
Costais ghinearálta Mhúsaem Nua-Ealaíne na hÉireann, Leabharlann Chester Beatty, an Cheolárais Náisiúnta agus Gailearaí Crawford	—	1,373
Bonneagar agus forbairt chultúir	5,638	3,487
Cultúr Éireann	954	483
Ard-Mhúsaem na hÉireann	—	2,348
Leabharlann Náisiúnta na hÉireann	1,153	1,600
Gailearaí Náisiúnta na hÉireann	—	1,360
Scéimeanna tacaíochta Gaeltachta	555	1,130
Scéimeanna tacaíochta Gaeilge	1,074	1,005
Straitéis 20 Bliain na Gaeilge 2010-2030	65	271
Spórt Éireann	—	14,030
Earraí Ilghnéitheacha	1,315	756
	11,080	27,991

2.6 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Oifig na nOibreacha Poiblí	35	135
Paypath	2	—
Míreanna dochair eile ar fionraí	58	46
	95	181

2.7 Ioncam fabhraithe

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
An Chartlann Náisiúnta	2	2
	2	2

2.8 Speansais fhabhraithe

	2023	2022
	€000	€000
An Chartlann Náisiúnta	121	102
Bonneagar agus forbairt chultúir	155	—
Cultúr Éireann	—	69
Deich mBliana na gCuimhneachán 1912-1922	103	15
Scéimeanna tacaíochta Gaeilge	770	177
Earraí Ilghnéitheacha	231	676
	1,380	1,039

2.9 Ioncam iarchurtha

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
An Chartlann Náisiúnta	2	1
	2	1

2.10 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Méideanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	443	388
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	270	225
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	37	44
Cáin bhreisluacha	23	5
	773	662
Ciste Tiomnachta Crowley (nóta 7.2)	128	142
Eile	303	149
	1,204	953

2.11 Glanmhaoiniú Státhiste

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Farasbarr	34,903	31,494
Géilleadh iarchurtha	21,480	20,000
Deontas ón Státhiste nár tarraingíodh	(17,572)	(23,156)
Glanmhaoiniú Státhiste	38,811	28,338

Arna Léiriú ag:

Féichiúnaithe

Banc agus airgead tirim	39,920	29,110
larmhéideanna dochair: fionraí	95	181
	40,015	29,291

Creidiúnaithe

Dlite don Stát	(773)	(662)
larmhéideanna creidmheasa: fionraí	(431)	(291)
	(1,204)	(953)
	38,811	28,338

2.12 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta	2023	2022
		€000	€000
larmhéid amhail an 1 Eanáir		30,686	8,214
Eisíocaíochtaí ón Vóta			
Soláthar meastacháin	Cuntas	948,666	
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(21,480)	
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(34,903)	
Glanvóta		892,283	990,330
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1	14,686	13,462
Caiteachas neamhairgid - aistriú sócmhainní seasta	2.1	(9)	(107)
Caiteachas neamhairgid - measchíos	1	1,136	1,136
Glanchostas an chláir	1	(925,617)	(982,349)
larmhéid ag an 31 Nollaig		13,165	30,686

2.13 Ceangaltais

a) Ceangaltais dhomhanda	2023	2022
ag an 31 Nollaig	€000	€000
Earraí agus seirbhísí a fháil	22,029	25,759
Cláir deontais neamh-chaipitil (b)	92,441	125,142
Cláir deontais caipitil (c)	163,520	215,188
Tionscadail chaipitil	35,414	31,704
Iomlán na gceanglas is infhorfheidhmithe le dlí	313,404	397,793
b) Cláir deontais neamhchaipitil	2023	2022
	€000	€000
Iarmhéid tosaigh	125,142	28,322
Deontais a íocadh sa bhliain	(71,855)	(40,760)
Ceangaltais deontais nua	40,967	138,347
Deontais a cealaíodh	(1,813)	(767)
Iarmhéid deiridh	92,441	125,142
c) Cláir deontais caipitil	2023	2022
	€000	€000
Iarmhéid tosaigh	215,188	106,716
Deontais a íocadh sa bhliain	(63,181)	(48,532)
Ceangaltais deontais nua	12,536	157,373
Deontais a cealaíodh	(1,023)	(369)
Iarmhéid deiridh	163,520	215,188

Nóta ^a Tá atháireamh déanta ag an Roinn ar iarmhéideanna deiridh 2022 le haghaidh gealltanais. Mar thoradh air sin, rinneadh na hiarmhéideanna deiridh a athshonrú ó €398.707 milliún go €397.793 milliún.

2.14 Dhliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh urscaoilte ag deireadh na bliana	175	98

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar na cláir, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

		2023		2022
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	28,329	25,754	22,764
ii	Taisteal agus cothabháil	700	542	461
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	1,294	802	659
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	393	201	309
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	2,726	1,761	1,277
vi	Costais áitribh oifige	572	472	346
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	440	256	2
		34,454	29,788	25,818

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha

Soláthar meastacháin €1.294 milliún; toradh €802,000

Sábháladh an t-airgead seo mar gheall ar mhoilleanna maidir le cláir ar leith a chur chun cinn. Chomh maith, tá costais theagmhasacha sábháilte mar gheall ar úsáid leanúnach chruinnithe agus oiliúna ar líne.

iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide

Soláthar meastacháin €393,000; toradh €201,000

Ba é príomhchúis na sábhála airgid seo ná gur bhog an Roinn go Microsoft Teams i rith na bliana i gcomhair cuid mhór cumarsáide gutha agus físe, a raibh laghdú i gcostais teileachumarsáide mar thoradh air.

v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha

Soláthar meastacháin €2.726 milliún; toradh €1.761 milliún

Bhí tionchar ag an gcogadh san Úcráin ar an slabhra domhanda soláthair le haghaidh crua-earraí oiriúnacha, rud a bhí mar chúis le cuid spárála airgid sa réimse seo.

vii Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe

Soláthar meastacháin €440,000; toradh €256,000

Sábháladh an t-airgead seo toisc nach raibh an soláthar iomlán de dhíth in 2023.

Clár A Seirbhísí turasóireachta

		2023		2022
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán - pá	2,794	2,366	2,132
A.2	Riarachán - neamhphá	613	371	303
A.3	Fáilte Ireland	94,666	94,136	147,338
A.4	Turasóireacht Éireann Teoranta	20,762	20,762	18,620
A.5	Ciste Margaíochta Turasóireachta	63,173	61,925	81,823
A.6	Forbairt táirgí turasóireachta			
	<i>Bunaidh</i>	36,500		
	<i>Forlíontach</i>	(11,500)		
		25,000	18,000	31,500
A.7	Cúlchiste oiriúnaithe don Bhreathimeacht	7,750	7,750	-
A.8	Maoiniú aistrithe chóir de chuid an AE	4,500	-	-
		219,258	205,310	281,716

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas clár neamhriaracháin (+/- 5% agus €100,000).

A.6 Forbairt táirgí turasóireachta

Soláthar meastacháin €36.5 milliún; toradh €18.0 milliún

Sábháladh an €18.5 milliún mar gheall ar shrianta acmhainne laistigh de chomhpháirtithe straitéiseacha Fáilte Ireland, rud a d'fhág nár féidir an t-airgead leithdháilte a tharraingt anuas. Chomh maith leis sin, mar gheall ar bhoilsciú, bhí gá le tionscadail a athmheas de réir an buiséad a bhí ann, rud a bhí mar chúis le moilleanna san athdhearadh agus ath-thairiscint.

A.8 Maoiniú aistrithe chóir de chuid an AE

Soláthar meastacháin €4.5 milliún; toradh €nialas

Sábháladh an €4.5 milliún go príomha toisc nár thug an AE faomhadh i leith roinnt clár maoinithe go dtí deireadh R3 2023. Mar thoradh air seo, tugadh an mhaoinithe (€4.38 milliún) ar aghaidh go dtí 2024.

Clár B Na healaíona agus cultúr

		2023		2022
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
B.1	Riarachán – pá	13,405	11,788	10,716
B.2	Riarachán - neamhphá	2,414	1,531	1,205
B.3	Íocaíochtaí chun acmhainní a chruthaíonn an Chartlann Náisiúnta a mheaitseáil	40	29	40
B.4	Costais ghinearálta na Cartlainne Náisiúnta agus Chomhairle na Cartlainne Náisiúnta	2,726	1,933	1,981
B.5	Costais ghinearálta Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Leabharlann Chester Beatty, an Cheolárais Náisiúnta agus Ghailearaí Ealaíne Crawford (Nóta 7.1)	27,360	27,360	28,104
B.6	Músaeim, gailearaithe, ionaid chultúrtha agus tionscadail réigiúnacha	22,755	21,039	21,764
B.7	Bonneagar agus forbairt chultúir			
	<i>Soláthar meastacháin</i>	30,192		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	6,500		
		36,692	25,783	24,588
B.8	Cultúr Éireann	6,600	6,598	5,190
B.9	An Chomhairle Ealaíon (le páirtmhaoiniú ón Chrannchur Náisiúnta)	130,488	130,488	135,180
B.10	Costais ghinearálta Ard-Mhúsaem na hÉireann	18,666	18,666	21,481
B.11	Costais ghinearálta Leabharlann Náisiúnta na hÉireann	9,995	9,995	9,919
B.12	Fís Éireann	37,946	37,946	36,818
B.13	Costais ghinearálta Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann	13,395	13,395	13,875
B.14	Príomhchathair Chultúir na hEorpa	1,000	798	—
B.15	Deich mBliana na gCuimhneachán 1912-1922	5,000	5,000	4,963
B.16	Tacaíochtaí cultúir	35,000	34,509	11,373
B.17	Tacaíochtaí um thaibhiú beo	—	—	39,650
		363,482	346,858	366,847

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas clár neamhriaracháin (+/- 5% agus €100,000).

B.4 Costais ghinearálta na Cartlainne Náisiúnta agus Chomhairle na Cartlainne Náisiúnta

Soláthar meastacháin €2.726 milliún; toradh €1.933 milliún

Sábháladh €793,000 ar roinnt cúiseanna lena n-áirítear obair roghnach a raibh costais níos ísle ag baint léi ná mar a measadh ar dtús, agus costais fuinnimh agus costais taispeántais agus for-rochtana nach raibh chomh suntasach agus a rabhthas ag súil leis. Chomh maith leis sin, bhí roinnt tairiscintí de luach ard nach raibh aon fhreagra orthu.

B.6 Músaeim, gailearaithe, ionaid chultúrtha agus tionscadail réigiúnacha

Soláthar meastacháin €22.755 milliún; toradh €21.039 milliún

Sábháladh €1.716 milliún go príomha mar gheall ar mhoill a bhí ar údarais áitiúla agus iad ag earcú Comhairleoirí Oíche. Chomh maith leis sin, bhí caiteachas níos lú ar Éire Ildánach – Oileán Comhroinnte ná mar a rabhthas ag súil leis mar gheall ar an ngá a bhí le hinfheistiú a dhéanamh i gcomhaontú leathan geallsealbhóirí sular forbraíodh cláir.

B.7 Bonneagar agus forbairt chultúir

Soláthar meastacháin €36.692 milliún; toradh €25.783 milliún

Sábháladh €10.909 milliún mar gheall ar mhéid mórthionscadal thar raon scéimeanna nár cuireadh chun cinn mar a rabhthas ag súil leis in 2023 mar gheall ar fhadhbanna éagsúla lena n-áirítear moilleanna a bhain le COVID-19 agus próisis dhlíthiúla a raibh gá lena thabhairt chun críche, chomh maith le roinnt méaduithe costais agus moilleanna deartha agus pleanála maidir leis na Forais Chultúrtha Náisiúnta. Tugadh €7.8 milliún den mhaoiniú seo ar aghaidh chuig 2024.

B.14 Príomhchathair Chultúir na hEorpa

Soláthar meastacháin €1.0 milliún; toradh €798,000

Tharla coigilteas de €202,000 toisc gur thóg sé níos faide ná mar a bhíodhas ag súil leis an gcomhaontú seachadta feidhmíochta le Comhlacht Cultúir na Gaillimhe (GCC) a thabhairt chun críche agus bhí tionchar aige seo ar an méid a tharraing GCC anuas in 2023.

Clár C An Ghaeltacht

		2023		2022
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
C.1	Riarachán - pá	6,503	5,228	4,764
C.2	Riarachán - neamhphá	1,697	1,108	884
C.3	Scéimeanna Tacaíochta Gaeltachta			
	<i>Bunaidh</i>	13,199		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	500		
	<i>Forlíontach</i>	(600)		
		13,099	8,737	8,035
C.4	Scéimeanna tacaíochta Gaeilge (le páirtmhaoiniú ón Chrannchur Náisiúnta)			
	<i>Bunaidh</i>	11,700		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	1,000		
	<i>Forlíontach</i>	(3,400)		
		9,300	8,876	6,515
C.5	An Coimisinéir Teanga	1,307	1,135	1,099
C.6	Údarás na Gaeltachta – riarachán	14,199	14,599	13,386
C.7	Údarás na Gaeltachta – caiteachas faoin chlár reatha	6,750	6,750	6,000
C.8	Údarás na Gaeltachta – deontais do thionscadail agus caiteachas caipitil ar áitribh			
	<i>Soláthar meastacháin</i>	14,454		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	500		
		14,954	14,454	15,454
C.9	Comhoibriú thuaidh theas	18,534	16,948	17,227
C.10	Próiseas pleanála teanga	6,550	6,750	4,530
C.11	Tionscnaimh seirbhíse poiblí	1,000	607	—
		93,893	85,192	77,894

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas clár neamhriaracháin (+/- 5% agus €100,000).

C.3 Scéimeanna Tacaíochta Gaeltachta

Soláthar meastacháin €13.699 milliún; toradh €8.737 milliún

Sábháladh €4.962 milliún mar gheall ar laghdú sa líon iarratas a fuarthas mar gheall ar chostais mhéadaithe tógála agus fadhbanna eile a bhain le tionscadail chaipitil. Tugadh €2 milliún den mhaoiniú seo ar aghaidh chuig 2024.

C.4 Scéimeanna tacaíochta Gaeilge

Soláthar meastacháin €12.7 milliún; toradh €8.876 milliún

Sábháladh €3.824 milliún mar gheall ar mhoilleanna i gcur chun cinn roinnt mórthionscadal caipitil.

C.5 An Coimisinéir Teanga

Soláthar meastacháin €1.307 milliún; toradh €1.135 milliún

Baineann an €172,000 a sábháladh leis an éileamh tuarastail a bhí níos ísle ná mar a rabhthas ag súil leis maidir leis an tréimhse.

C.9 Comhoibriú thuaidh theas

Soláthar meastacháin €18.534 milliún; toradh €16.948 milliún

Sábháladh €1.586 milliún mar nach raibh an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas ag feidhmiú in 2023, rud a d'fhág nár féidir an maoiniú méadaithe a cuireadh i leataobh don Fhoras Teanga do 2023 a fhaomhadh. Chomh maith, bhí dul chun cinn níos moille ná mar a rabhthas ag súil leis maidir le cuid tionscadal an Oileáin Chomhroinnte.

C.11 Tionscnaimh seirbhíse poiblí

Soláthar meastacháin €1.0 milliún; toradh €607,000

Sábháladh €393,000 mar gheall ar thús moillithe ar thionscadal faoina gcuirfí seirbhísí taighde ar fáil don Roinn de bharr fadhbanna a bhí ann ar nós an fhadhb a bhí ag an gconraitheoir maidir le pearsanra a raibh na cáilíochtaí cuí acu a earcú.

Clár D - Spóirt agus seirbhísí áineasa

		2023		2022
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
D.1	Riarachán – pá		3,615	3,073
D.2	Riarachán - neamhphá		770	348
D.3	An clár caipitil agus trealamh spóirt			
	<i>Soláthar meastacháin</i>	34,535		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	11,500		
	<i>Forlíontach</i>	9,000		
			55,035	40,013
D.4	Clár linn snámha na n-údarás áitiúil			
	<i>Bunaidh</i>	4,000		
	<i>Forlíontach</i>	(2,000)		
			2,000	2,768
D.5	Spórt Éireann (páirtmhaoinithe ag gCrannchur Náisiúnta)			
	<i>Bunaidh</i>	99,321		
	<i>Forlíontach</i>	5,500		
			104,821	147,409
D.6	Maoiniú as Ciste na gCuntas Díomhaoin maidir le bearta spóirt		12,000	12,000
D.7	An Ciste d'Infreastruchtúr Spóirt ar Mhórsála			
	<i>Bunaidh</i>	14,600		
	<i>Forlíontach</i>	(1,000)		
			13,600	1,896
D.8	Mórimeachtaí spóirt		6,395	5,364
			198,236	184,187
				212,871

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas clár neamhriaracháin (+/- 5% agus €100,000).

D.3 An clár caipitil agus trealaimh spóirt

Soláthar meastacháin €46.035 milliún; toradh €53.765 milliún

Fógraíodh leithdháileadh €150 milliún don Scéim, arb é an leithdháileadh is mó riamh faoin Scéim, in 2022 agus tugadh cuid tionscadal anonn a cuireadh moill orthu mar gheall ar COVID-19 agus boilsciú tógála. Cuireadh meastachán forlíontach de €9 milliún ar fáil chun freastal ar an éileamh méadaithe seo.

D.4 Clár linn snámha na n-údarás áitiúil

Soláthar meastacháin €4.0 milliún; toradh €827,000

Sábháladh €3.173 milliún toisc gur clár oidhreachta é seo faoina bhfuil gá teagmhasach le gealltanais fhéideartha atá fágtha.

D.5 Spórt Éireann

Soláthar meastacháin €99.321 milliún; toradh €104.694 milliún

In 2023, mar pháirt de na meastacháin fhorlíontacha, cuireadh €5.5 milliún ar fáil do Spórt Éireann le haghaidh oibre deartha agus forbartha ar phríomhthionscadail cosúil le háiseanna cruicéid, spás oifige breise do na ceanneagraíochtaí náisiúnta rialaithe, agus oibreacha deartha ginearálta eile a bhaineann le Máistirphlean an Champais.

D.7 An ciste d'infreastruchtúr spóirt ar mhórsála (LSSIF)

Soláthar meastacháin €14.6 milliún; toradh €3.121 milliún

Sábháladh €11.479 milliún go príomha mar gheall ar an leibhéal ard boilscithe tógála a d'fhág gur chuir deontaithe cuid tionscadal ar ceal go dtí go raibh siad in ann fuílleach an mhaoinithe a aimsiú atá riachtanach chun na hoibreacha a chríochnú. Bronnadh maoiniú breise deontais de €37.6 milliún ar thionscadail LSSIF atá ann cheana i Nollaig 2023. Tugadh €6.8 milliún den mhaoiniú 2023 seo ar aghaidh chuig 2024.

D.8 Mórimeachtaí Spóirt

Soláthar meastacháin €6.395 milliún; toradh €5.8 milliún

Sábháladh €595,000 toisc go raibh costas níos lú le tairiscint EURO 2028 ná mar a rabhthas ag súil leis sa bhuiséad agus bhí imeachtaí agus costais fhéideartha eile ann nár tharla in 2023.

Clár E Craolachán

		2023		2022
		Soláthar meastacháin		Toradh
		€000	€000	€000
E.1	Riarachán – pá		2,012	2,774
E.2	Riarachán - neamhphá		631	642
E.3	Deontas do Raidió Teilifís Éireann maidir le táillí ceadúnais craolacháin		208,622	179,451
E.4	Íocaíocht le An Post maidir le ceadúnais chraolacháin a bhailiú		12,457	8,419
E.5	Deontas i leith Theilifís na Gaeilge			
	<i>Bunaidh</i>	52,233		
	<i>Forlíontach</i>	4,000		
			56,233	56,233
E.6	Craolachán agus na meáin chumarsáide		22,885	19,570
E.7	Coimisiún na Meán		7,800	5,800
E.8	Maoiniú eatramhach do Raidió Teilifís Éireann			—
	<i>Bunaidh</i>	—		
	<i>Forlíontach</i>	16,000		
			16,000	16,000
			326,640	288,889
				288,457

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas clár neamhriaracháin (+/- 5% agus €100,000).

E.3 Deontas do Raidió Teilifís Éireann maidir le táillí ceadúnais craolacháin

Soláthar meastacháin €208.622 milliún; toradh €179.451 milliún

Braitheann fáiltais i ndáil le táillí ceadúnais craolacháin ar leibhéal díolacháin na gceadúnas teilifíse agus dá bhrí sin tá sé deacair an leibhéal íocaíochtaí atá le déanamh le RTÉ a mheas go cruinn. Ba ionann an líon iomlán díolachán do 2023 agus 824,278, ar laghdú 123,646 (-13.04%) é sin ar dhíolacháin 2022 agus mar sin níor féidir ach an sciar de na fáiltais ceadúnas Teilifíse atá ar fáil do RTÉ i gcomhréir le forálacha an Achta Craolacháin 2009 a íoc le RTÉ, rud a bhí mar chúis leis an nganncaitheamh a tuairiscíodh.

E.4 Íocaíocht le An Post maidir le ceadúnais chraolacháin a bhailiú

Soláthar meastacháin €12.457 milliún; toradh €8.419 milliún

Braitheann fáiltais i ndáil le Táillí Ceadúnais Craolacháin ar leibhéal díolacháin na gceadúnas teilifíse agus dá bhrí sin tá sé deacair an leibhéal íocaíochtaí atá le déanamh le An Post a mheas go cruinn. Tá íocaíocht An Post bunaithe ar choimisiún do dhíolacháin cheadúnas teilifíse agus, mar sin, tá an méid a íoctar ceangailte go díreach leis an líon ceadúnas teilifíse a eisíonn An Post. Íoctar an coimisiún seo le An Post bunaithe ar scála incriminteach a spreagann An Post díolacháin bhliantúla a uasmhéadú. Ba ionann an líon iomlán díolachán do 2023 agus 824,278, ar laghdú de 123,646 (-13.04%) é sin ar dhíolacháin 2022.

E.5 Deontas i leith Theilifís na Gaeilge

Soláthar meastacháin €52.233 milliún; toradh €56.233 milliún

Ceadaíodh maoiniú breise de €4 milliún faoin fho-mhírcheann seo trí mheastachán forlontach i Nollaig 2023. Cuireadh an maoiniú seo ar fáil chun infheistiú breise i gcoimisiúin ó earnáil léiriúcháin na Gaeilge a chumasú, rud a chabhróidh le daoine atá cumasach i gcúrsaí teicniúla agus cruthaitheacha a choinneáil agus a neartóidh forás na hearnála, agus a thacóidh le TG4 agus a gcuspóirí straitéiseacha a gcomhlíonadh acu.

E.6 Ciste Craolachán agus na meán cumarsáide

Soláthar meastacháin €22.885 milliún; toradh €19.57 milliún

Tá íocaíochtaí leis an gciste craolacháin bunaithe go príomha ar an leibhéal fáiltas Táillí Ceadúnais Teilifíse atá ag brath ar leibhéal díolachán fíor na gceadúnas teilifíse agus ar an líon Ceadúnas teilifíse saor in aisce a d'eisigh an Roinn Coimirce Sóisialaí. Dá bhrí sin tá sé deacair an leibhéal bliantúil fáiltas a mheas go cruinn agus dá bhrí sin na híocaíochtaí comhfhreagracha leis an gciste craolacháin. Tháinig laghdú ar dhíolacháin na táille ceadúnais, rud a chuir isteach ar mhaoiniú ceadúnais teilifíse don chiste craolacháin a fhaigheann 7% den ghlanioncam ó tháillí ceadúnais teilifíse.

E.7 Coimisiún na Meán

Soláthar meastacháin €7.8 milliún; toradh €5.8 milliún

Sábháladh €2 milliún i gcomparáid leis an soláthar meastacháin toisc nár earcaigh Coimisiún na Meán baill foirne ag an luas a rabhtas ag súil leis in 2023.

E.8 Maoiniú Eatramhach do Raidió Teilifís Éireann

Soláthar meastacháin €Nialas; toradh €16.0 milliún

Mhol an Coimisiún um Thodhchaí na Meán €16 milliún i maoiniú eatramhach, mar an leibhéal maoiniú breise atá de dhíth ar RTE, sa bheis ar sholáthar ceadúnas teilifíse atá ann cheana, chun tabhairt faoina n-oibleagáidí reachtúla. I ndiaidh an laghdú a tháinig ar ioncam ó cheadúnais teilifíse, thug NewERA faoi anailís ar riachtanais mhaoinithe RTE, agus mhol siad go mbeadh gá le maoiniú de €56 milliún; cuireadh €16 milliún dó sin ar fáil i Nollaig 2023 trí mheastachán forlontach agus bhí an fuilleach le bheith curtha ar fáil in 2024. Cruthaíodh an fo-mhírcheann seo chun cuntas a thabhairt ar an maoiniú eatramhach seo.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2023		2022
		Meastachán	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Fáltais phinsin Thurasóireacht Éireann	312	431	348
2	Táillí na Cartlanna Náisiúnta	40	31	57
3	Fáltais ilghnéitheacha	659	875	773
4	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí	2,563	3,322	3,237
5	Cistiú ó chiste na gcuntas díomhaoin	12,000	12,000	12,000
6	Fáltais phinsin Spórt Éireann	139	116	80
7	Táillí ceadúnais craolacháin	237,130	201,378	220,960
Iomlán		252,843	218,153	237,455

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000).

1 Fáltais phinsin Thurasóireacht Éireann

Meastachán €312,000; réadaithe €431,000

Ba mar gheall ar fháltais phinsin níos airde ó Thurasóireacht Éireann a raibh éagsúlacht €119,000 ann.

3 Fáltais ilghnéitheacha

Meastachán €659,000; réadaithe €875,000

Ba mar gheall ar fháltais phinsin níos airde ó ghníomhaireachtaí den chuid is mó a raibh éagsúlacht €216,000 ann.

4 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí

Meastachán €2.563 milliún; réadaithe €3.322 milliún

Ba mar gheall ar ranníocaíochtaí aoisliúntais níos airde ó ghníomhaireachtaí den chuid is mó a raibh éagsúlacht €759,000 ann.

7 Táillí ceadúnais craolacháin

Meastachán €237.13 milliún; réadaithe €201.378 milliún

Braitheann fáltais i ndáil le táillí ceadúnais craolacháin ar leibhéal díolachán ceadúnas teilifíse agus ar an ranníocaíocht a fhaightear ón Roinn Coimirce Sóisialaí. San áireamh le meastachán 2023 ar fháltais cheadúnas teilifíse bhí scóip ann le haghaidh ioncaim bhreise fhéideartha nár tháinig isteach. Ba ionann an líon iomlán díolachán do 2023 agus 824,278, ar laghdú 123,646 (-13.04%) é sin ar dhíolacháin 2022.

4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

	2023	2022
	€000	€000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	—	22
Spórt Éireann –iarmhéid airgid tacaíochta fuinnimh	5,995	—
Údarás na Gaeltachta – díolachán scaireanna	5,218	—
Fáilte Ireland – díolachán maoine	1,114	—
Fáilte Ireland – díolachán talún	530	—
Fáilte Ireland – díolachán táirge turasóireachta	500	—
Fáltais ó iasachtaí Gaeltachta	5	—
Fáltais ó ghéilleadh deonach tuarastal airí	37	21
Aistrithe chuig an Státchiste	(13,399)	(43)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	—	—

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhFostaithe

Coibhéis lánaimseartha	2023	2022
Líon na foirne ag deireadh na bliana		
Roinn	453	416
Gníomhaireachtaí ^a	1,795	1,492
	2,248	1,908

Nóta ^a Áirítear soláthar foirne ó na gníomhaireachtaí seo a leanas: An Chomhairle Ealaíon, Chester Beatty, Coimisiún na Meán, Gailearaí Ealaíne Crawford, Fáilte Ireland, Foras na Gaeilge, Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, An Ceoláras Náisiúnta, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Ard-Mhúsaem na hÉireann, Fís Éireann, Spórt Éireann, Gníomhaireacht na hUltaise, Turasóireacht Éireann, Údarás na Gaeltachta.

5.2 Pá

Luach Saothair fhoireann na Roinne	2023	2022
	€000	€000
Pá	23,290	20,721
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	123	45
Liúntais eile	172	176
Ragobair	61	39
ÁSPC an Fhostóra	2,108	1,783
Pá iomlán ^a	25,754	22,764

Nóta ^a Déantar an figiúr pá iomlán a dháileadh ar fud na bhfo-mhírcheann ábhartha.

Luach Saothair Gníomhaireachta ^b

	2023	2022
	€000	€000
Pá	108,490	96,189
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	436	302
Liúntais eile	342	327
Ragobair	293	340
ÁSPC an Fhostóra	5,615	4,564
Pá iomlán	115,176	101,722

Nóta ^b Tá na sonraí maidir le liúntais agus ragobair agus íocaíochtaí a bhaineann le foireann comhlachtaí/gníomhaireachtaí bunaithe go hiomlán ar thuairisceáin a chuir na comhlachtaí/gníomhaireachtaí sin isteach.

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is mó	
			2023	2022
			€	€
Foireann na Roinne				
Liúntais le haghaidh ard- dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	14	4	35,251	13,870
Liúntais eile	58	4	23,481	22,755
Ragobair	26	1	12,187	11,082
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	87	10	17,410	16,091
Foireann Gníomhaireachta				
Liúntais le haghaidh ard- dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	98	4	16,459	15,832
Liúntais eile	266	5	42,000	36,207
Ragobair	149	9	18,872	17,564
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	216	3	19,203	19,079

5.4 Foireann na Roinne de réir banda pá

Taispeántar thíos líon fhostaithe na Roinne a bhfuil a sochair fostaíochta iomlána (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; gan ÁSPC nó costais phinsin fostaí san áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda €10,000 ó €60,000 agus níos mó.

Banda pá (€)		Líon na bhFostaithe	
Ó	Go	2023	2022
20,000	59,999	282	266
60,000	69,999	41	25
70,000	79,999	39	40
80,000	89,999	34	26
90,000	99,999	12	11
100,000	109,999	9	11
110,000	119,999	7	5
120,000	129,999	5	1
130,000	139,999	1	2
140,000	149,999	1	2
150,000	159,999	2	—
160,000	169,999	1	2
170,000	179,999	—	—
180,000	189,999	—	—
190,000	199,999	—	—
200,000	209,999	—	1
210,000	219,999	1	—

5.5 Socruithe luach saothair eile

Athfhostaíodh ochtar státseirbhíseach ar scor agus iad ag fáil pinsin státseirbhíse ar bhonn táille ag costas iomlán de €37,460. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

Áirítear sa chuntas seo caiteachas €173,681 i ndáil le triúr oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh 2023 ar fad nó cuid di agus arbh í an Roinn a d'íoc a dtuarastail.

5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

ag an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	2023 €	2022 €
Ró-íocaíochtaí	27	33,891	71,944
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	9	25,240	27,998

5.7 Scaoilíocaíocht / iomarcaíocht

I rith 2023, cuireadh deireadh le fostaíocht bhaill foirne amháin, agus íocadh íocaíocht iomarcaíochta de €5,232 agus scaoilíocaíochtaí de €11,372 leis an duine sin.

5.8 Luach Saothair agus Sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Is mar seo a leanas a bhí luach saothair agus sochair inchánacha an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais:

	2023	2022
	€000	€000
Bunphá	215	202

Níl luach na sochar scoir a saothraíodh sa tréimhse sin curtha san áireamh thuas. Ba bhall í an tOifigeach Cuntasaíochta den scéim aoisliúntais réamh-1995 do státseirbhísí seanbhunaithe agus ní dheachaigh a teidlíochtaí i leith sochar scor ní b'fhaide ná téarmaí caighdeánacha na scéime pinsin sin.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

		2023		2022
		Soláthar	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Míniú ar an bhfo-mhírcheann:				
B.9	An Chomhairle Ealaíon (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	130,488	130,488	135,180
C.4	Scéimeanna tacaíochta Gaeilge (le páirtmhaoiniú ón Chrannchur Náisiúnta)	9,300	8,876	6,515
D.3	An clár caipitil agus trealaimh spóirt	55,035	53,765	40,013
D.5	Spórt Éireann (le páirtmhaoiniú ón Chrannchur Náisiúnta)	104,821	104,694	147,409
		299,644	297,823	329,117

Tá liosta iomlán de na deontaithe faoi fho-mhírcheann C.4 agus D.3 le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

6.2 Géilleadh iarchurtha

Tá an géilleadh iarchurtha don bhliain 2023 comhdhéanta de choigilteas €21.48 milliún i gcaiteachais chaipitil sna for-mhírcheann seo a leanas agus tugadh ar aghaidh é go dtí an bhliain 2024.

		€000
Míniú ar an bhFo-mhírcheann		
A.8	Maoiniú aistrithe chóir de chuid an AE	4,380
B.7	Bonneagar agus forbairt chultúir	7,800
C.3	Scéimeanna Tacaíochta Gaeltachta	2,000
C.8	Údarás na Gaeltachta – deontais do thionscadail agus caiteachas caipitil ar áitribh	500
D.7	An Ciste d'Infrastruchtúr Spóirt ar Mhórsála	6,800
		21,480

6.3 Costais eadrána agus réitigh

Ba é an caiteachas in 2023 ná €Nialas (2022: €6.657 milliún lena n-áirítear CBL). Ní raibh aon chás socraithe in 2023 (2022: cás amháin).

Nóta 7 Cuntais Ilghnéitheacha

7.1 Íocaíochtaí i leith chostais ghinearálta Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Leabharlann Chester Beatty, an Ceolárais Náisiúnta agus Gailearaí Ealaíne Crawford (Fo-mhírcheann B.5).

	2023	2022
	€000	€000
Íocaíochtaí		
Áras Nua-Ealaíne na hÉireann	7,540	8,184
Leabharlann Chester Beatty	3,917	3,750
An Ceoláras Náisiúnta	13,501	13,614
Gailearaí Ealaíne Crawford, Corcaigh	2,402	2,556
	27,360	28,104

7.2 Ciste Tiomnachta Crowley

Ghlac an Stát leis an tiomnacht sa bhliain 1997, lena úsáid le dul i mbun tionscadail a raibh sé i gceist leis taifid Oifig an Ard-Rúnaí sa tréimhse 1815-1853 a liostú, a chur ar mhicreascannán agus iad a fhoilsiú. Is ionann an muirear ar an gciste agus costais chaomhnúcháin agus tuarastail a bhaineann leis an tionscadal.

Cuntais na bhfáltas agus na n-íocaíochtaí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

	2023	2022
	€000	€000
Iarmhéid ag 1 Eanáir	142	148
Íocaíochtaí	(14)	(6)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	128	142

7.3 Ráiteas faoi iasachtaí le haghaidh tithíocht Ghaeltachta

Iasachtaí a eisíodh ar mhaithe le tithíocht Ghaeltachta faoi Achtanna na dTithe (Gaeltacht) 1929 go 2001 agus aisíocaíochtaí ina leith:

	2023	2022
	€000	€000
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir	180	176
Ús a díscríobhadh	(8)	—
Ús pionósach bliantúil a fabhraíodh	3	4
Aisíocaíochtaí príomhshuime	(4)	—
Íocaíochtaí úis	(1)	—
Iarmhéid deiridh ag 31 Nollaig	170	180